

## **Staidéar MBPTA an Réigiúin Thiar-Theas Nuachtlitir 2 – Feabhra 2013.**

### **Réamhrá**

I mí na Samhna 2011 cheap **Oifig na nOibreacha Poiblí** (OPW) **Mott MacDonald Ireland** chun Staidéar um **Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile an Réigiúin Thiar-Theas** a chur i gcrích. Is cuid den Chlár Náisiúnta MBPTA, atá ar bun ag Oifig na nOibreacha Poiblí, é Staidéar MBPTA an Réigiúin Thiar-Theas. Tá ról lárnach ag an Chlár MBPTA maidir le straitéis mheántéarmach agus fadtéarmach an Rialtais chun priacal tuile in Éirinn a laghdú agus a bhainistiú. Síneann an **Ceantar Abhantraí** (CA) Thiar-Theas ón Daingean go Dún Garbháin agus cuimsíonn sé codanna de na Contaetha seo a leanas: Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, Tiobraid Árann agus Port Láirge. Sé is aidhm don staidéar ná Mapáil mionsonraithe um Priacal Tuile a sholáthar do na limistéir uile atá ar phriacal suntasach sa Cheantar agus Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile a ullmhú chun priacal tuile ar fud an cheantair a léiriú agus a bhainistiú. Cuideoidh an Clár MBPTA le Rialtas na hÉireann na dualgais faoi Threoir Tuilte an AE a chomhlíonadh agus beidh sé mar bhonn eolais ag lucht pleanála in Éirinn maidir le leibhéal an phriacail tuile i mbailte agus i gcathracha na tíre.

### **Staidéir Eile**

Roimh tús a chur le Staidéar MBPTA an Réigiúin Thiar-Theas rinneadh staidéir eile a choimisiúnú chun aghaidh a thabhairt ar limistéir áirithe mórpriacail, mar seo a leanas:

- Staidéar MBPTA na Laoi
- Staidéar MBPTA na Bandan
- Staidéar MBPTA Sciobairín

Tabharfar torthaí na staidéar seo san áireamh nuair a bheidh Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile á dtabhairt chun cinn maidir le Staidéar MBPTA an Réigiúin Thiar-Theas.

## **CLÁR OIBRE**

### **Suirbhéanna Abhann**

Tá suirbhéanna mionsonraithe ar siúl faoi láthair ins na LMB (Limistéir faoi Mheasúnú Breise) agus in áiteanna le sruth de LMB laistigh de réimse an staidéir. Tugtar LMB ar limistéar ina meastar go mbeadh tionchar suntasach ag éirí de dheasca tuilte. Ins na suirbhéanna seo, clárófar sonraí ar chainéil abhann, tuilemhánna agus oibreacha cosanta tuile chomh maith le droichid, cora agus struchtúir eile a imríonn tionchar ar shruthanna agus ar thuilte. Ní dhéanfar dochar ar bith do thailte ná aibhneacha; rachaidh na suirbhéirí ar na haibhneacha agus na tuilemhánna de chois, i mbáid agus in eitleáin. Déanfaidh na suirbhéirí teagmháil le sealbhóirí talún roimh dhul isteach ar láithreacha príobháideacha dóibh. Tá doiciméid aitheantais agus litir chur in aithne ag na suirbhéirí uile atá ag obair ar an tionscadal seo. Táthar ag súil go gcríochnófar an obair seo go luath sa bhliain 2013.

## **Tosaíocht do Chloich na Coillte**

Mar gheall ar na tuilte suntasacha a tharla i gCloich na Coillte le linn an tsamhraidh sa bhliain 2012, tugadh tús áite don obair staidéir maidir le Cloich na Coillte. Fógraíodh é seo ar Lá Faisnéise Poiblí a tionóladh i gCloich na Coillte ar 16 Deireadh Fómhair 2012, ait ar tugadh eolas faoin chlár oibre maidir le Cloich na Coillte. Go dtí seo tá céimeanna áirithe tugtha chun críche, ar a n-áirítear suirbhé abhann, anailís hidreolaíoch agus samhaltú hidrálaise. Tá obair ar siúl faoi láthair chun na mapáil tuilte a chur ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Cuireadh luas faoin chlár maidir le Cloich na Coillte, i dtreo is go dtarlóidh an comhairliúchán seo sa chéad leath den bhliain 2013, bliain níos túsce ná mar a cinneadh ar dtús.

## **Athbhreithniú ar Imeachtaí Tuile**

Tharla roinnt tuilte suntasacha laistigh den Réigiún CA Thiar-Theas ó mhí an Mheithimh 2012, ins na háiteanna seo a leanas: Cloich na Coillte, Dúglas, An Linn Dubh, Gleann Maghair, An Scoil, Rath Chormaic, Beantraí, Ros Ó gCairbre agus Béal Átha an Spidéil. Maidir leis na tuilte seo agus tuilte eile, rinne Mott MacDonald Ireland imscrúdú agus athbhreithniú ar chúis agus réimse na dtuilte, i gcomhar leis an OPW agus na hÚdaráis Áitiúla. Tá luach ar leith ag baint le sonraí ar réimse agus doimhneacht tuilte, mar úsáidtear an t-eolas chun samhaltú ar ríomhaire a chalabhrú agus sa chaoi sin cruinneas an tsamhaltaithe a fheabhsú. Molaimid do dhaoine, sa chás go dtarlaíonn tuile, grianghraf nó taifead eile a dhéanamh má's féidir a leithéid a dhéanamh gan baol pearsanta. Is féidir eolas a sheoladh tríd an phost nó ar ríomhphost chuig an Comhordaitheoir Cumarsáide; tá sonraí teagmhála ar chúl-leathanach na Nuachtlitreach seo.

## **Obair atá ag teacht**

Mar gheall ar thosaíocht do LMB Cloich na Coillte, beidh comhairliúchán poiblí maidir le mapáil tuilte agus forbairt roghanna don áit seo ar siúl go luath. Chomh maith leis sin, déanfar anailís hidreolaíoch agus samhaltú hidrálaise do na LMB eile, agus an Tuarascáil Scóipe um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta don staidéar in iomlán.

## **An Clár Oibre Feasta**

Leanfaidh an obair ar Staidéar MBPTA an Réigiúin Thiar-Theas suas go 2016. Tugtar thíos príomhchéimeanna oibre an staidéir:

Tascanna	Dáta
Suirbhéanna a Chríochnú	2013 (luath)
Samhaltú Hidrálaise a Chríochnú	D. Fómhair 2013
Comhairliúchán – Mapáil Tuilte	2013 (déanach)
Comhairliúchán - Céimeanna um Bainistiú Priacal Tuile	2014 (déanach)
Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) (Dréacht)	2014 (déanach)
Comhairliúchán – PBPT agus MST	2015 (déanach)

## **Bí Páirteach Linn**

Tabhair cuaird ar an suíomh gréasáin againn chun clárú don nuachtlir agus chun eolas a fháil faoi imeachtaí atá ag teacht ar fud an Réigiúin. Cuirimid fáilte roimh aiseolas ó dhaoine gur suim leo an staidéar seo. Is féidir aiseolas a thabhairt ar an suíomh gréasáin:

<http://www.southwestcframstudy.ie/>

Lean sinn ar Twitter chun eolas a fháil ar na himeachtaí is déanaí maidir le Staidéar MBPTA:

[www.twitter.com@SW\\_CFRAM\\_Study](http://www.twitter.com@SW_CFRAM_Study)

## **Déan Teagmháil Linn**

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Comhordaitheoir Cumarsáide an Staidéir MBPTA (Réigiún Thiar-Theas) tríd an Phost nó trí Ríomhphost.

Sa Phost:

Comhordaitheoir Cumarsáide an Staidéir MBPTA (Réigiún Thiar-Theas)

Mott MacDonald Ireland Ltd.

5 Ascaill an Gheata Thoir

An Geata Thoir

An tOileán Beag

Co. Chorcaí

R-phost: [SWCFRAM@mottmac.com](mailto:SWCFRAM@mottmac.com)

Mar a dúradh cheana, is féidir eolas ar bith faoi imeachtaí tuile a sheoladh chuig an Chomhordaitheoir Cumarsáide le hathbhreithniú.

## **SUÍOMHANNA GRÉASÁIN**

Suíomh Gréasáin Náisiúnta MBPTA: <http://www.cfram.ie>

Suíomh Gréasáin MBPTA Thiar-Theas: <http://www.southwesterncframstudy.ie>